Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**10024/22**

**JAI 848**
**FREMP 123**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le cearta an linbh mar a ghlac an Chomhairle iad an 9 Meitheamh 2022.

## Conclúidí ón gComhairle i ndáil le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh

### Brollach

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh:

a. **Á mheabhrú di** go bhfuil cearta iomlána ag leanaí agus gur príomhchuspóir de chuid an Aontais Eorpaigh é cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn agus gur cearta daonna iad cearta an linbh, a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

b. **Á dhearbhú di** nach mór do phrionsabail agus do chaighdeáin Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[1], atá daingnithe ag na Ballstáit uile, leanúint de bheith ina dtreoir ag na beartais agus gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais a mbíonn tionchar acu ar chearta an linbh;

c. **Á chur i dtreis di** go bhfuil cearta an linbh uilíoch, go mbeidh na cearta linbh céanna ag gach duine faoi bhun 18 mbliana d'aois gan idirdhealú d'aon chineál agus nach mór tús áite a thabhairt do leasanna an linbh i ngach gníomhaíocht dá mbaineann le leanaí a dhéanann údaráis phoiblí nó institiúidí príobháideacha;

d. **Ag cur i bhfios go láidir** gur cearta bunúsacha iad cearta an linbh agus, dá réir sin, gur gá iad a neadú sna beartais agus sa reachtaíocht ábhartha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí eisiacha comhroinnte na mBallstát agus an Aontais faoi seach, go háirithe i réimse an dlí teaghlaigh, dá bhforáiltear in Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

e. **Á mheabhrú di** na gníomhartha dlí atá ann cheana maidir le cearta an linbh a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh;

f. **Á mheabhrú di** an tsraith leathan caighdeán de chuid Chomhairle na hEorpa i réimse chearta an linbh, lenar ghlac na Ballstáit;

---

[1] An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, Na Náisiúin Aontaithe, 1989.

g. **Ag meabhrú di** gur glacadh Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, ar ionstraim nithiúil í atá dírithe ar dheiseanna comhionanna a chur chun cinn do leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, agus a bhaineann le forbairt an dara téama de chuid Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh i.e. 'an cuimsiú socheacnamaíoch, an tsláinte agus an t-oideachas';

h. **Á chur i dtábhacht di** go mbeidh an ceart ag gach leanbh rochtain neamh-idirdhealaitheach a fháil ar na príomhsheirbhísí – amhail oideachas agus cúram luath-óige, an tsláinte, cothú agus tithíocht – atá tábhachtach dá bhforbairt agus dá bhfolláine;

i. **Agus aird á tabhairt aici ar** an ról tábhachtach atá ag an Aontas Eorpach maidir le cearta gach linbh ar fud an domhain a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh;

j. **Á athdhearbhú di** a thábhachtaí atá sé cur le chéile le heagraíochtaí idirnáisiúnta, eadhon Comhairle na hEorpa agus na Náisiúin Aontaithe, maidir le cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas agus ar fud an domhain, lena n-áirítear comhionannas deiseanna do chailíní;

k. **Á thabhairt dá haire**, i ndáil leis an méid sin, an ceathrú Straitéis de chuid Chomhairle na hEorpa um Chearta an Linbh (2022-2027) dar teideal *Children's Rights in Action: from continuous to joint innovation* [Cearta an Linbh i mbun Gnímh: ón nuálaíocht leanúnach go dtí an nuálaíocht chomhpháirteach] a ghlac Coiste na nAirí an 23 Feabhra 2022, lena ndírítear ar shineirgí a fhorbairt i dteannta Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh;

l. **Á thabhairt dá haire di agus imní dá réir uirthi**, i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur mó an baol do leanaí ná do dhaoine fásta i mbéal coinbhleachtaí armtha agus ina ndiaidh agus á dhearbhú di nach mór iad a chosaint, go háirithe ar agcionscríobh isteach san airm nó i bhfórsaí armtha eile agus ar bheith úsáidte ag an airm nó fórsaí armtha eile, chomh maith le hiad a chosaint ar an ngáinneáil ar dhaoine, ar an uchtáil neamhdhleathach, ar an dteacht i dtír gnéasach agus ar bheith scartha óna dteaghlach; gur fíor sin i gcásanna géarchéime agus éigeandála eile de bharr sceimhlitheoireachta, géarchéime sláinte poiblí, géarchéime eacnamaíche, athrú aeráide nó tubaistí nádúrtha;

m. Á mheabhrú di a thábhachtaí atá cur chun feidhme iomlán Threoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac agus lena gcuirtear chun suntais a thábhachtaí atá Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025;

n. **Á thabhairt dá haire di** agus imní dá réir uirthi an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar leanaí, paindéim a chuir leis na deacrachtaí móra a bhí le sárú go mór mór ag leanaí ar leochaileach dá gcás, trína gcur i mbaol níos mó agus trí na neamhionannais reatha a mhéadú maidir le rochtain a fháil ar na príomhsheirbhísí, rud a chuir na leanaí i mbaol níos mó ón bhforéigean, ó mhí-úsáid agus ón bhfaillí;

o. **Á aithint di** gur gá a áirithiú go mbeidh baint fhónta ag leanaí le téarnamh domhanda COVID-19 agus go gcuirfear san áireamh iad;

p. **Á admháil di** nach mór cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn as líne agus ar líne agus nach mór iarrachtaí a dhéanamh leas a bhaint na deiseanna a ghabhann leis an timpeallacht dhigiteach, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith sa timpeallacht sin do leanaí agus do chomhlíonadh a gceart a theorannú ag an am céanna;

q. **Á mheabhrú di** gur leanaí breis agus 18 % de dhaonra an Aontais, gur gníomhaithe don athrú iad cheana féin, agus nach mór iad a chloisteáil, éisteacht leo agus iad a áireamh i saol daonlathach ár sochaithe;

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh:

1. **Is díol sásaimh di** cearta an linbh san Aontas agus ar an leibhéal domhanda a fhorbairt, a chosaint agus a chur chun cinn, mar a fhoráiltear i Straitéis chuimsitheach an Aontais maidir le cearta an linbh, agus comhairliúchán fairsing agus rannpháirtíocht fhóinteach na leanaí féin mar bhonn taca léi;

2. **Cuireann sí i bhfios go láidir** go bhfuil an straitéis bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, an chuimsithe, an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe, agus go mbíonn leochaileachtaí ar leith ag grúpaí sonracha leanaí agus go mbíonn siad thíos leis an eisiamh socheacnamaíoch agus an t-idirdhealú socheacnamaíoch; athdhearbhaíonn an Chomhairle, i ndáil leis sin, go dtoirmeasctar idirdhealú in aghaidh an linbh nó a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí nó a chaomhnóirí nó a caomhnóirí dlíthiúla, bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach;

3. **Tugann sí dá haire** Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh agus na sé thosaíocht théamacha idirnasctha a ghabhann léi, ar maith an bonn í chun beartais, bearta agus reachtaíocht bunaithe ar chearta an linbh a fhorbairt ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta;

4. **Is díol sásaimh di** an tionscnamh ón gCoimisiún chun gné chearta an linbh a phríomhshruthú i mbeartais, reachtaíocht agus cláir chistiúcháin ábhartha uile an Aontais, agus tacaíonn sí le seicliosta le haghaidh an phríomhshruthaithe a mhéid a bhaineann le cearta an linbh;

5. **Cuireann sí i dtreis** a thábhachtaí atá sé faisnéis faoi chearta an linbh a fhorbairt agus a chur ar fáil don phobail, leanaí san áireamh, agus go háirithe leaganacha agus formáidí den Chairt um Chearta Bunúsacha agus de phríomhionstraimí eile de chuid an Aontais, a bheadh fabhrach do leanaí agus a bheadh inrochtana, a fhorbairt i dteangacha éagsúla chun go gcomhlíonfar ceart an linbh go gcuirfí ar an eolas iad agus chun rannpháirtíocht éifeachtach na leanaí sa saol daonlathach a chothú;

6. **Cuireann sí i bhfios go láidir** a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus daonlathach a mhéadú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, sásraí nua a bhunú, tacú leis na sásraí reatha maidir le rannpháirtíocht fhóinteach leanaí, agus rannpháirtíocht chothrom leanaí gan idirdhealú d'aon chineál a chur chun cinn trína áirithiú go n-éistfear leo agus go gcuirfear a gcuid tuairimí san áireamh;

7. **Tacaíonn sí le** rún an Choimisiúin Eorpaigh ardán de chuid an Aontais maidir le rannpháirtíocht leanaí a bhunú i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus le heagraíochtaí chearta an linbh lena nascfaí múnlaí rannpháirtíochta reatha leanaí, dar cuspóir sásra láidir a bhunú lena gcumasófaí rannpháirtíocht éifeachtach fhóinteach na leanaí ar gach leibhéal;

8. **Aithníonn sí** a thábhachtaí atá sé dea-chleachtais a mhalartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus is díol sásaimh di seoladh Líonra an Aontais Eorpaigh um chearta an linbh ag an gCoimisiún Eorpach dar cuspóir an t-idirphlé agus an fhoghlaim fhrithpháirteach a athneartú idir Ballstáit an Aontais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le cearta an linbh, agus tacú le cur chun feidhme Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh agus le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh uirthi;

9. **Is díol sásaimh di** an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach chun an comhar leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla ábhartha a neartú, agus le hinstitiúidí ábhartha eile, le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, leis an tsochaí shibhialta agus le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine;

10. **Aithníonn sí** an ról a bhíonn ag ombudsman, lena n-áirítear ombudsman do leanaí, chun a áirithiú go gcomhlíonfar cearta an linbh, go ráthófar leas an linbh agus go gcloisfear a nguth;

11. **Tacaíonn sí le** rún an Choimisiúin Eorpaigh seasamh an Aontais mar phríomhghníomhaí domhanda a neartú agus cumais i ndáil le cosaint leanaí i dtoscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha a neartú chun cosaint agus chomhlíonadh chearta an linbh trí bhíthin bheartas seachtrach an Aontais a áirithiú i ngach comhthéacs, go háirithe i réimse an chomhair um fhorbairt, i ngéarchéimeanna daonnúla agus i dtubaistí nádúrtha;

12. **Is díol sásaimh di** tionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh oibriú chun go mbeidh slabhraí soláthair chuideachtaí an Aontais saor ó shaothar leanaí mar chuid d'iarrachtaí an Aontais deireadh a chur le saothar leanaí ar fud an domhain;

13. **Tacaíonn sí** leis an tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach chun cumhachtú na hóige agus leanaí agus rannpháirtíocht na hóige agus leanaí a chur chun cinn sa chomhthéacs domhanda agus chun cistiú ón Aontas a thiomnú chun an t-oideachas a chur chun cinn ar fud an domhain;

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh:

- I ndáil le Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, **iarrann sí** ar an gCoimisiún Eorpach oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar shaol gach linbh san Aontas agus tacú le hiarrachtaí náisiúnta na mBallstát chun na caighdeáin a neartú maidir le ceart an linbh;

- **Iarrann sí** ar na Ballstáit:

1) Beartais agus bearta cuimsitheacha leordhóthanacha a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, chun cearta gach linbh a chomhlíonadh gan aon idirdhealú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. Straitéisí cuimsitheacha náisiúnta nó beartais chomhtháite choibhéiseacha eile a ghlacadh lena dtugtar aghaidh ar chearta an linbh, a mbeidh acmhainní leordhóthanacha acu agus a mbeidh tacaíocht leordhóthanach acu ó chreataí acmhainne leordhóthanacha;

ii. Comhar agus comhordú a neartú idir na húdaráis agus na geallsealbhóirí ábhartha uile;

iii. An úsáid is fearr a bhaint as pé maoiniú náisiúnta agus maoiniú ón Aontas dá mbeidh ar fáil chun cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint;

iv. Feabhas a chur ar bhailiú sonraí imdhealaithe aoise agus gnéis ar bhealach inchomparáide ar fud an Aontais trí imthosca náisiúnta a urramú agus taighde leanaí-shonrach a chur chun cinn – go háirithe maidir leis na réimsí téamacha a chumhdaítear le Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, chun beartais fhianaise-bhunaithe agus freagrúla a cheapadh agus a chur chun feidhme;

v. Gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus gníomhaíochtaí oiliúna a neartú maidir le cearta an linbh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí do leanaí, gairmithe a oibríonn le leanaí agus do leanaí, lucht ceaptha beartas, státseirbhísigh, agus údaráis phoiblí, breithiúna, ionchúisitheoirí agus dlíodóirí eile, pearsanra sibhialta agus míleata i misin CBSC, chomh maith le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine;

vi. Moladh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1004 ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, uirlis thábhachtach chun eisiamh sóisialta leanaí atá i ngátar a chosc agus a chomhrac trí rochtain a ráthú ar shraith príomhsheirbhísí;

2) Iarrachtaí na mBallstát a mhéadú chun gach cineál foréigin in aghaidh leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. Comhar a chur chun cinn i measc seirbhísí tacaíochta, agus tacú le freagairt iomlánaíoch ar an bhforéigean;

ii. Seirbhísí tacaíochta speisialaithe spriocdhírithe agus comhtháite a fhorbairt d'íospartaigh ar leanaí iad, de bhreis ar na seirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh nó mar chuid díobh, agus infheistíocht a dhéanamh chun an íospairt thánaisteach a chosc;

iii. Neartú a dhéanamh ar fhorbairt, ar mheas, agus ar chothú córas comhtháite cosanta leanaí, i gcás ina gcomhoibríonn na seirbhísí ábhartha uile i gcomhréir le cur chuige comhordaithe ildisciplíneach, ar mhaithe le sárleas an linbh, mar shampla le tithe leanaí (Barnahus) nó aon mhúnla eile atá fabhrach do chearta leanaí;

iv. Pionós corpartha a chosc i ngach suíomh, agus seirbhísí tacaíochta comhtháite do leanaí agus do theaghlaigh a neartú;

v. Bearta leordhóthanacha a chur ar fáil chun foréigean agus mí-úsáid baile, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban agus cleachtais dhíobhálacha eile, mar aon le cineálacha eile foréigin in aghaidh leanaí a chosc agus a chomhrac;

vi. Bearta a dhéanamh chun leanaí a chosaint ar idirdhealú ar aon fhoras, go háirithe agus é bunaithe ar a ngnéas nó a dtreoshuíomh gnéasach, mar aon lena mbunús eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, nó míchumas agus chun timpeallacht shábháilte, thacúil, chuimsitheach a áirithiú do gach leanbh ar scoil, go háirithe dóibh siúd a bhaineann le grúpaí leochaileacha dá dtagraítear in aithris 2 de na Conclúidí seo agus urraim á thabhairt dá n-indibhidiúlacht;

vii. A iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an bPrótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le Díol Leanaí, Pornagrafaíocht Leanaí agus Striapachas Leanaí[2] agus an Prótacal Roghnach maidir le Nós Imeachta Cumarsáide[3] a shíniú agus a dhaingniú, mura bhfuil sé sin déanta acu go fóill; agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an Prótacal Roghnach maidir le Leanaí a Rannpháirtiú i gCoinbhleachtaí Armtha[4] daingnithe ag Ballstáit uile an Aontais, go bhfuil an Prótacal Roghnach maidir le Díol Leanaí, Pornagrafaíocht Leanaí agus Striapachas Leanaí daingnithe ag formhór na mBallstát agus go bhfuil an Prótacal Roghnach maidir leis an Nós Imeachta Cumarsáide daingnithe ag roinnt Ballstát;

viii. Acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh le haghaidh seirbhísí coisctheacha agus údaráis forfheidhmithe dlí chun mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac;

ix. Neartú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata dhlíthiúil agus beartais maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí Rialachán (AE) 2021/1232 a chomhlíonadh go hiomlán agus tar éis ionstraimí dlíthiúla a fhorbairt amach anseo chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí don tréimhse 2020-2025;

x. Cosc ar fhoréigean agus cosc ar atitimeachas a neartú trí chláir leordhóthanacha coisc agus athshlánaithe a fhorbairt do lucht foréigin;

3) Ráthaíochtaí dlíthiúla an Aontais a fhorbairt agus tacú lena gcur chun feidhme leordhóthanach chun cearta bunúsacha an linbh i ngéarchéimeanna nó i staideanna éigeandála gan idirdhealú a chosaint, tuairim na leanaí a chloisteáil agus a chur san áireamh, i gcomhréir le haois agus aibíocht an linbh, agus leasanna an linbh á n-urramú go cuí, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. Oibriú le chéile chun riachtanais chosanta leanaí a fheabhsú arna n-eascairt as cásanna éigeandála agus chun aghaidh a chur orthu, agus roghanna éifeachtacha inmharthana ar choinneáil leanaí mar chuid de phróisis imirce a fhorbairt, ós feasach di i gcomhréir le acquis an Aontais nach bhforáiltear do choinneáil leanaí mar chuid de phróisis imirce ach mar an rogha dheireanach agus i gcás nach inmharthana d’aon rogha eile, agus ar aon nós ar feadh tráth is giorra dár féidir, agus trí chóiríocht oiriúnach a thairiscint;

---

2 An Prótacal Roghnach a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le Díol Leanaí, Pornagrafaíocht Leanaí agus Striapachas Leanaí, na Náisiúin Aontaithe, 2000.

3 Prótacal Roghnach maidir le nós imeachta cumarsáide, , na Náisiúin Aontaithe, 2011.

4 Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh maidir le leanaí a rannpháirtiú i gcoinbhleachtaí armtha, , na Náisiúin Aontaithe, 2000.

ii. Nósanna imeachta glactha éigeandála a chur ar bun chun cóiríocht chosanta a áirithiú, atá oiriúnaithe do riachtanais an linbh, chun a shábháilteacht nó a sábháilteacht choirp agus mheabhrach a ráthú, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus sainaithint luath leochaileachtaí a rathú;

iii. I gcás inar gá, measúnú iontaofa a dhéanamh ar aois an linbh, agus dínit an linbh á hurramú go hiomlán, bunaithe ar chur chuige ildisciplíneach, agus na daoine aonair a chur ar an eolas i dteanga a thuigeann siad;

iv. Cúnamh a sholáthar chun leanaí neamhthionlactha a chuimsiú, go háirithe trí ainmniú tapa caomhnóra dhlíthiúil nó ionadaíochta iomchuí a áirithiú, trína dtionlacan ina n-oideachas agus ina ngairmoiliúint;

v. Á chur i dtábhacht di a thábhachtaí atá na beartais atá ann cheana agus, i gcás inar gá, cur chun feidhme na mbeartas a threisiú chun an gháinneáil ar leanaí a chomhrac agus, go háirithe, cásanna a shainaithint agus a chosc ina bhfuil baol gáinneála ar dhaoine, ag cur san áireamh gur mó an baol gáinneála ar dhaoine go háirithe i leith ban agus cailíní, agus aird á tabhairt ar Phrótacal na Náisiún Aontaithe chun gáinneáil ar dhaoine a chosc, a chur faoi chois agus pionós a ghearradh ina leith[5],

vi. Gairmithe a oiliúint i mbrath agus cosaint leanaí a bhfuil géarchéim ag bagairt orthu agus leanaí ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad nó atá i mbaol a bheith ina n-íospartaigh;

vii. Feasacht a mhúscailt i measc leanaí, agus go háirithe i measc leanaí imirceacha agus a dteaghlaigh, maidir leis na rioscaí a bhaineann le teacht i dtír trí fhaisnéis leordhóthanach a thabhairt dóibh;

viii. Straitéisí a shainiú chun leanaí ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad a shainaithint, chun cosaint neamhchoinníollach na leanaí sin a áirithiú agus a ráthú;

ix. Tacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá speisialaithe sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar leanaí, a reáchtálann feachtais feasachta i gcoinne na gáinneála ar dhaoine, nó a chuireann cúram agus tacaíocht ar fáil do leanaí ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad;

5 an Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi chois agus Pionós a ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta

x. Féachaint lena áirithiú nach ndéanfar aon ionstraimiú ar chásanna géarchéime nó éigeandála maidir le caomhnóireacht leanaí, agus go háirithe, agus UNICEF agus moltaí Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach á dtabhairt dá haire, nár cheart aon uchtáil a dhéanamh fad atá coinbhleachtaí armtha ann;

xi. A mholadh do na Ballstáit leanúint de bhearta agus próisis foláirimh a neartú chun fuadach leanaí a chomhrac agus bunú líonra pointí teagmhála náisiúnta a shaothrú chun comhordú a chur chun cinn idir na Ballstáit;

4) Córais cheartais na mBallstát a neartú ionas go mbeidh siad i gcomhréir le cearta gach linbh, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. A áirithiú go mbeidh sárleas an linbh ina phríomhthosaíocht i ngach imeacht breithiúnach a bhaineann le leanaí;

ii. Imeachtaí a fhorbairt a thacaíonn le leanaí ón tús, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chur ar fáil a bheadh oiriúnach do leanaí ó thaobh aoise de agus a bheadh sothuigthe ag leanaí trí bhíthin modhanna féideartha rannpháirtíochta;

iii. A áirithiú go gcomhlíontar ceart an linbh éisteacht a fháil in imeachtaí a bhaineann leis an leanbh, go díreach, nó trí ionadaí nó trí chomhlacht iomchuí ar bhealach atá comhsheasmhach le rialacha nós imeachta an dlí náisiúnta agus le acquis an Aontais;

iv. A áirithiú go ndéanfar ceart an linbh chun urraime dá shaol nó dá saol príobháideach a chosaint ar an mbealach is fearr is féidir le linn imeachtaí;

v. A áirithiú go ndéileálfar le himeachtaí i gcásanna a bhaineann le leanaí gan moill mhíchuí agus go bhforfheidhmeofar go córasach i gcomhréir le creat dlí an Aontais atá ann cheana agus le modhanna ábhartha dlí idirnáisiúnta eile na cinntí a dhéantar sna himeachtaí sin chun a áirithiú go gcuirfear cearta an linbh chun feidhme go héifeachtach i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;

vi. Na seirbhísí tacaíochta riachtanacha a chur ar fáil do leanaí le linn na n-imeachtaí, agus ina dhiaidh sin freisin, fad a bheidh siad de dhíth ar na leanaí;

vii. Comhar idirdhisciplíneach a chur chun cinn i measc seirbhísí éagsúla chun tacú leis an leanbh ar an mbealach is fearr is féidir roimh imeachtaí, lena linn agus ina ndiaidh;

viii. Roghanna stóinseacha eile ar an ngníomhaíocht bhreithiúnach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcás ógchiontóirí, lena n-áirítear roghanna eile ar an gcoinneáil, úsáid an cheartais aisiríoch, agus úsáid na hidirghabhála i gcomhthéacs an cheartais shibhialta;

ix. I gcás ógchiontóirí, cláir a fhorbairt a thacaíonn lena n-athimeascadh;

5) Cur leis na deiseanna atá ann do leanaí a bheith freagrach agus athléimneach sa tsochaí dhigiteach, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. Infheistíocht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh ag gach leanbh an rochtain agus an tacaíocht chéanna i ndáil le modhanna digiteacha;

ii. Leanaí a chumhachtú chun na meáin a úsáid go comhfhiosach trí thacú leis an bhforbairt litearthachta meán agus faisnéise is gá chun ábhar ar líne a scrúdú, a mheas agus a tháirgeadh go criticiúil;

iii. Cosaint a thabhairt ar rioscaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn sa timpeallacht dhigiteach trí dhíriú ar litearthacht dhigiteach, ar phríobháideachas agus ar shábháilteacht ar líne;

iv. Seirbhísí tacaíochta a fhorbairt do leanaí ar íospartaigh mí-úsáide gnéasaí ar líne iad;

6) Cur go gníomhach le hobair Líonra an Aontais um Chearta an Linbh, a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun idirphlé agus foghlaim fhrithpháirteach a éascú i measc na mBallstát.

Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit faoi ábhair amhail ceartas atá fabhrach do leanaí, faoi leanaí ar imircigh iad, agus faoi chodanna ábhartha eile de Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh, agus cúnamh teicniúil maille le tacaíocht mhodheolaíoch inter alia a thabhairt dóibh maidir le cleachtaí bailithe sonraí a cheapadh agus a chur chun feidhme. I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, iarrann an Chomhairle ar an nGníomhaireacht freisin díriú ar na riachtanais agus na dúshláin shonracha atá os comhair leanaí.